An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0045/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**

# Athbhreithniú ar thuarastail d'Oifigigh Chléireachais agus Feighlithe atá fostaithe i Scoileanna Náisiúnta faoi Scéim 1978/79 agus d'Oifigigh Chléireachais atá fostaithe in Iar-bhunscoileanna faoi Scéim 1978 faoin gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2023 ("An Comhaontú")

## Cur i bhfeidhm na gcoigeartuithe pá atá dlite an 1 Deireadh Fómhair 2023

1. Is mian leis an Aire Oideachais údaráis bhainistíochta agus Oifigigh Chléireachais agus Feighlithe atá fostaithe i Scoileanna Náisiúnta faoi Scéim 1978/79 agus Oifigigh Chléireachais atá fostaithe in Iar-bhunscoileanna faoi Scéim 1978 a chur ar an eolas faoi na rátaí athbhreithnithe tuarastail a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023 dá bhforáiltear faoi "Ag Dul ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2023" arna athbhreithniú.

2. Leagtar amach sa chiorclán seo na méaduithe pá atá dlite ón 1 Deireadh Fómhair 2023 mar a leasú ar an gComhaontú.

## Méaduithe Tuarastail atá le cur chun feidhme faoin gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart

3. Comhaontaíodh coigeartú pá €750 nó 1.5%, cibé acu is mó, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart. Cuirfear an coigeartú sin chun feidhme le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

4. De réir Chuid 3.1 den chomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart, méadófar tuarastail bhliantúla lánaimseartha ar an mbunscála faoi €750 nó 1.5%, cibé acu is mó, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

5. Tá na scálaí tuarastail athbhreithnithe do na baill foirne lena mbaineann leagtha amach in Aguisín 1.

6. Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023, glacfaidh téarmaí an Chiorcláin seo áit gach scála tuarastail is iníoctha le hOifigigh Chléireachais agus Feighlithe atá fostaithe i Scoileanna Náisiúnta faoi Scéim 1978/79 agus le hOifigigh Chléireachais atá fostaithe in Iar-bhunscoileanna faoi Scéim 1978.

7. Déileálfar le ró-íocaíochtaí de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCiorclán 0084/2015.

8. Athbhreithneofar pá na mball foirne páirtaimseartha, de réir gnáthshocruithe, trí thagairt a dhéanamh do phá na mball foirne lánaimseartha lena mbaineann siad chun críocha pá de réir an Chiorcláin seo.

## Pinsin atá á n-íoc

9. Comhaontaíodh prionsabal na paireachta pá i méaduithe pinsin do scéimeanna a bhí ann cheana suas go dtí deireadh na bliana 2023 ar aon dul leis an gcomhaontú leasaithe a rinneadh faoin gcomhaontú dar teideal 'Ag Dul Ó Neart go Neart'. Ba cheart méaduithe a chur ar aghaidh chuig pinsin de réir an bheartais sin.

10. Chun treoir bhreise a fháil, nó chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil pinsin atá á n-íoc faoi scéimeanna pinsean atá ann cheana le méadú stairiúil a fháil, féach an treoir atá i gCiorcláin 20/2017, 02/2018, 19/2019, 10/2021, 19/2022 agus 02/2023 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba cheart aon cheisteanna maidir leis na ciorcláin ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chur chuig pensions@per.gov.ie.

11. Déantar pinsin na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair') a uasrátáil ar aon dul leis an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí faoi réir treorach ar leith ón Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Dá bhrí sin, maidir le Scéime Pinsin Aonair atá á n-íoc i leith iarsheirbhísigh phoiblí a d'fhóin ag gráid a bhfuil feidhm ag an gCiorclán seo maidir leo, ní choigeartófar iad trí thagairt do na hathbhreithnithe ar an mbunphá atá leagtha amach i Rannán 3.

## Scaipeadh agus Ceisteanna

12. Cinntigh go dtabharfar cóipeanna den chiorclán seo do gach comhalta den Bhord Bainistíochta agus go dtarraingeofar aird na mball foirne ábhartha uile ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead.

13. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag https://www.gov.ie/ga/ciorclain/

14. Ba cheart ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh trí ríomhphost chuig NTSPayroll@education.gov.ie

Mark Bohan
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtrach

Michael Donoghue
Príomhoifigeach
Rannóg Párolla

18 Meán Fómhair 2023

**Aguisín 1**

**Grád III[1]:**

| Pointe Scála | An ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua An ráta ón 01/10/2023 |
|---|---|---|
| **1** | €30,032 | €27,895 |
| **2** | €30,891 | €29,611 |
| **3** | €32,142 | €30,032 |
| **4** | €33,395 | €30,891 |
| **5** | €34,652 | €32,142 |
| **6** | €35,561 | €33,395 |
| **7** | €36,594 | €34,652 |
| **8** | €37,789 | €35,561 |
| **9** | €38,639 | €36,594 |
| **10** | €39,825 | €37,789 |
| **11** | €41,020 | €38,639 |
| **12** | €43,266 | €39,825 |
| **13** | €43,266 | €41,020 |
| **14** | | €43,266 |
| **15** | | €43,266 |
| *** Incrimint Fadseirbhíse** | €44,861 | €44,861 |

***** *tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid*

[1] Cód párolla: G3 & G3NE

**Grád IV[2]:**

| Pointe Scála | An ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua An ráta ón 01/10/2023 |
|---|---|---|
| **1** | €35,229 | €32,300 |
| **2** | €37,346 | €34,385 |
| **3** | €39,287 | €35,229 |
| **4** | €40,989 | €37,346 |
| **5** | €42,632 | €39,287 |
| **6** | €44,853 | €40,989 |
| **7** | €46,458 | €42,632 |
| **8** | €48,090 | €44,853 |
| **9** | | €46,458 |
| **10** | | €48,090 |
| **An Chéad Incrimint Fadseirbhíse*** | €49,588 | €49,588 |
| **An Dara hIncrimint Fadseirbhíse**** | €51,101 | €51,101 |

***** *tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid*
****** *tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an gcéad Incrimint Fadseirbhíse*

[2] Cód párolla: G4

**FEIGHLITHE**

| | (Tuarastal Bliantúlaithe)<br><br>An ráta ón 01/10/2023 | (Tuarastal Sheachtainiúil)<br><br>An ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua (Tuarastal Bliantúlaithe)<br><br>An ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua (Tuarastal Seachtainiúil)<br><br>An ráta ón 01/10/2023) |
|---|---|---|---|---|
| **FEIGHLITHE I SCOILEANNA NÁISIÚNTA BHAILE ÁTHA CLIATH**[3] | €36,049 | €690.85 | €33,045 | €633.30 |
| | €36,299 | €695.65 | €33,794 | €647.64 |
| | €36,402 | €697.61 | €36,049 | €690.85 |
| | €36,497 | €699.44 | €36,299 | €695.65 |
| | €36,598 | €701.37 | €36,402 | €697.61 |
| | €36,598 | €701.37 | €36,497 | €699.44 |
| | €36,624 | €701.89 | €36,598 | €701.37 |
| | €36,724 | €703.79 | €36,598 | €701.37 |
| | €36,831 | €705.84 | €36,624 | €701.89 |
| | €36,935 | €707.84 | €36,724 | €703.79 |
| | €37,072 | €710.47 | €36,831 | €705.84 |
| | €37,212 | €713.15 | €36,935 | €707.84 |
| | €37,346 | €715.72 | €37,072 | €710.47 |
| | | | €37,212 | €713.15 |
| | | | €37,346 | €715.72 |

[3] Cód párolla: MA10 and MA10NE

| | (Tuarastal Bliantúlaithe)<br><br>An ráta ón 0110/2023 | (Tuarastal Sheachtainiúil)<br><br>An ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua (Tuarastal Bliantúlaithe)<br><br>An ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua (Tuarastal Seachtainiúil)<br><br>An ráta ón 01/10/2023) |
|---|---|---|---|---|
| **FEIGHLITHE I SCOILEANNA NÁISIÚNTA LASMUIGH DE BHAILE ÁTHA CLIATH (AGUS CATHAIR CHORCAÍ I NDIAIDH 1989)[4]** | €36,217 | €694.07 | €33,198 | €636.22 |
| | €36,403 | €697.64 | €33,936 | €650.36 |
| | €36,577 | €700.97 | €36,217 | €694.07 |
| | €36,577 | €700.97 | €36,403 | €697.64 |
| | €36,598 | €701.38 | €36,577 | €700.97 |
| | €36,700 | €703.34 | €36,577 | €700.97 |
| | €36,799 | €705.22 | €36,598 | €701.38 |
| | €36,901 | €707.19 | €36,700 | €703.34 |
| | €37,003 | €709.14 | €36,799 | €705.22 |
| | €37,113 | €711.25 | €36,901 | €707.19 |
| | €37,220 | €713.30 | €37,003 | €709.14 |
| | €37,335 | €715.50 | €37,113 | €711.25 |
| | €37,436 | €717.43 | €37,220 | €713.30 |
| | | | €37,335 | €715.50 |
| | | | €37,436 | €717.43 |

[4] Cód párolla: MA34 and MA34NE

| | (Tuarastal Bliantúlaithe)<br><br>An ráta ón 01/10/2023 | (Tuarastal Sheachtainiúil)<br><br>An ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua (Tuarastal Bliantúlaithe)<br><br>An ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua (Tuarastal Seachtainiúil)<br><br>An ráta ón 01/10/2023) |
|---|---|---|---|---|
| **FEIGHLITHE I SCOILEANNA NÁISIÚNTA LASMUIGH DE BHAILE ÁTHA CLIATH (agus CATHAIR CHORCAÍ I NDIAIDH 1989)[5]**<br><br>**CÉIM I DE DHÁMHACHTAIN PCW ÍOCTHA AMHÁIN** | €35,314 | €676.78 | €32,076 | €614.71 |
| | €35,314 | €676.78 | €32,825 | €629.07 |
| | €35,356 | €677.59 | €35,314 | €676.78 |
| | €35,454 | €679.46 | €35,314 | €676.78 |
| | €35,552 | €681.34 | €35,356 | €677.59 |
| | €35,653 | €683.28 | €35,454 | €679.46 |
| | €35,753 | €685.18 | €35,552 | €681.34 |
| | €35,855 | €687.15 | €35,653 | €683.28 |
| | €35,956 | €689.08 | €35,753 | €685.18 |
| | €36,066 | €691.18 | €35,855 | €687.15 |
| | €36,177 | €693.31 | €35,956 | €689.08 |
| | €36,290 | €695.47 | €36,066 | €691.18 |
| | €36,394 | €697.47 | €36,177 | €693.31 |
| | | | €36,290 | €695.47 |
| | | | €36,394 | €697.47 |

[5] Cód párolla: MA35 and MA35NE